An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán: 0036/2019

Chuig: Príomhoidí Mheánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus Scoileanna BOO agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Treoirlínte maidir le rochtain ar chúrsaí iar-Ardteistiméireachta do rannpháirtithe sa phróiseas dídine don bhliain acadúil 2019/20.

Tagraím do Chiorclán 0061/2018. Táthar ag leanúint ar aghaidh le socruithe píolótacha maidir le rochtain ar chúrsaí iar-Ardteistiméireachta don bhliain acadúil 2019/20 ar an mbonn seo a leanas do thrí ghrúpa ar leith dá dtagraítear sa Chiorclán sin (iarrthóirí ar dhídean, iarrthóirí ar chosaint choimhdeach agus iad siúd ag an gcéim cead fanachta ach nach bhfuil ordú díbeartha eisithe ina leith go fóill).

Cuireadh an scéim in oiriúint i gcomhthéacs athbhreithniú inar tugadh le fios go raibh an riachtanas go mbeadh siad ar scoil in Éirinn ar feadh cúig bliana ar a laghad ró-shriantach. Laghdaíodh na critéir d'iarrthóirí 2019/20 go dtí trí bliana oideachais i gcóras scoile na hÉireann.

Beidh ar iarrthóirí sa chóras cosanta, ar mian leo tacaíocht a fháil le tabhairt faoi chúrsaí áirithe breisoideachais nó ag leibhéal fochéime san ardoideachas, na critéir seo a leanas a shásamh:

- Sainmhíniú an iarrthóra cosanta nó an duine ag an gcéim cead fanachta a shásamh (seachas iad siúd ag céim an ordaithe díbeartha);
- An Ardteistiméireacht a bheith bainte amach acu;
- A bheith glactha ar chúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa nó cúrsa fochéime faofa;
- Ar a laghad trí bliana acadúla a bheith déanta acu i gcóras scoile na hÉireann faoin 31 Lúnasa 2019; agus
- Bheith mar chuid d'iarratas ar chosaint nó ar chead fanachta ar feadh tréimhse trí bliana ar an iomlán ag an 31 Lúnasa 2019.

Tá sonraí incháilitheachta don scéim tacaíochta speisialta phíolótach agus tuilleadh eolais maidir le hiarratas a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne;

https://www.education.ie/en/Learners/Services/Pilot-Support-Scheme/Pilot-Support-Scheme.html

Phil O'Flaherty
Príomhoifigeach
An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna
Meitheamh 2019